

Focla Mhicí
▸13



Cabaret Craiceáilte
▸9



Próifíl: Odhrán Mac Niallais
▸16




Fógraí Pobail
▸14


# Goitse

**Saor in aisce** sna trí paróistí

Uimhir 12
21 Feabhra 2014
Teagmháil: 086 8476862

Saor in Aisce sna trí Pharóistí: NA ROSA • GAOTH DOBHAIR • CLOCH CHEANNFHAOLA goitse.org





**DORNA SAN AER DO NA GAEIL!** Cuid den tslua a bhí ag éileamh cearta teangan ag an mórshiúil a heagraíodh i mBaile Átha Cliath Dé Sathairn seo caite.

# 'Éirigh as, a Dinny!'

## — Mac Giolla Easbuig agus Ó Dochartaigh



Aire Stáit na Gaeltachta Dinny McGinley

Ghlaoigh an t-iomaitheoir neamhspleách sa toghchán áitiúil, Mícheál Cholm Mac Giolla Easbuig, ar Aire Stáit na Gaeltachta éirí as an Aireacht de thairbhe gur theip air an Ghaeltacht agus an Ghaeilge a chosaint.

Dúirt an gníomhaí pobail go raibh sé i láthair ag Lá Mór na Gaeilge i mBaile Átha Cliath ag deireadh na seachtaine seo a chuaigh thart agus go bhfacthas dó go raibh míshástacht iontach forleathan fríd an scaifte mór daoine a bhí páirteach sa mhórshiúl.

Sa phreasráiteas a d'eisigh sé an tseachtain seo, dúirt Mac Giolla Easbuig go raibh freagracht ar an Ghaeltacht ag Dinny McGinley taobh istigh den rialtas ach nach raibh rud ar bith déanta aige le dul i ngleic leis na fadhbanna atá againn.

Ag caint ar an Choimisinéir Teangan, Seán Ó Cuirreáin, éirí as a phost mar agóid in éadan an easpa tacaíochta ó eagraíochta stáit, dúirt Mac Giolla Easbuig nach raibh Dinny, ná ball ar bith eile de pháirtithe an rialtais i láthair ag cruinniú Coiste Oireachtais nuair a bhí an Coimisinéir ag míniú cad chuige a raibh sé ag éirí as a phost sula raibh a théarma críochnaithe.

Ag labhairt le *Goitse* Dé Máirt, dúirt Piaras Ó Dochartaigh TD

*Ar lean ar lch 2*

# ‘Éirigh as, a Dinny!’

*Ar lean ó lch 1*

gur iarr Sinn Féin ar Dinny athbhreithniú a dhéanamh ar an Aireacht níos luaithe, i ndiaidh do Sheán Ó Cuirreáin fógairt go raibh sé ag éirí as a phost mar Choimisinéir Teangan.


Dúirt sé go raibh trí bliana ag an rialtas seo le difear a dhéanamh do staid na teanga agus don Ghaeltacht agus nach dtearnadh mórán uilig ach caint.

Rinne sé tagairt don easpa dul chun cinn ar Straitéis Fiche Bliain agus Acht na dTeangacha Oifigiúla agus gurbh éigin don fhreasúra an Dáil a fhágáil mar agóid cionn is nach raibh an rialtas sásta díospóireacht cheart a dhéanamh ar an reachtaíocht a bhí roimh an Dáil.

Dúirt sé gur aithin sé gur fear maith Gaeltachta a bhí i Dinny ach gur chóir dó an rud céanna a dhéanamh agus a rinne Seán Ó Cuirreáin agus éirí as a phost mar Aire Stáit don Ghaeltacht cionn is nach raibh an rialtas ag déanamh an dul chun cinn a gheall siad.

Mar fhreagra ar Mhac Giolla Easbuig agus Ó Dochartaigh, dúirt McGinley le *Goitse* gur sheas sé le polasaithe an rialtais maidir leis an Ghaeilge agus leis an Ghaeltacht agus rinne sé tagairt don óráid a thug sé sa Dáil Dé Máirt inar ghabh sé buíochas le Seán Ó Cuirreáin as an obair a bhí déanta aige ina phost agus ag cur fáilte roimh cheapachán Rónán Ó Domhnaill mar chomharba air.

San óráid, dúirt McGinley go raibh Cinn do Bhille na dTeangacha Oifigiúla dréachtaithe agus go dtabharfar os comhair an rialtais go han-luath iad.



Micheál Choilm Mac Giolla Easbuig



Pearse Doherty TD

Chuir sé síos fosta ar na pleananna atá ag an rialtas cur leis an líon státsheirbhíseach le Gaeilge a bheas ar fáil do phobal na Gaeilge.

Ag caint ar an ghlaoch gur chóir dó éirí as a phost mar Aire Stáit don Ghaeltacht, dúirt sé “Bhí sé ina onóir agus ina phribhléid agam bheith tofa go mion agus go minic ag muintir Dhún na nGall agus má bhí mé ar lorg comhairle, is iad Mac Giolla Easbuig agus Ó Dochartaigh an bheirt dheireanach a mbeinn ag dul chucu.”

Mar fhreagra air sin, dúirt Mac Giolla Easbuig le *Goitse*, “Tá Dinny ina Aire Gaeltachta cúpla uair agus tá sé ins an Dáil ar feadh na mblianta. Coinníonn sé ag déanamh na rudaí céanna arís agus arís eile agus tá sé soiléir nach bhfuil siad ag oibriú. Tá sé in am aige imeacht.”


### Imeachtaí Sheachtain na Gaeilge in Ionad Naomh Pádraig

1/03/14 – 8/03/14: **Comórtas Ealaíne Bunscoileanna** bunaithe ar an seanfhocal: “**Cuir síoda ar ghabhar agus is gabhar i gcónaí é**”. Cúig chatagóir: Naíonáin Bheaga/Mhóra; Rang 1-2; Rang 3-4; Rang 5-6; Riachtanais Speisialta. Déanfar na duaiseanna a bhronnadh ag an Lá Gaelach Spórt agus Spraoi

1/03/14 – 8/03/14: **Comórtas Scríbhneoireachta** (dánta/gearrscéalta) do dhaltaí na Pobalscoile. Dhá chatagóir: An Teastas Sóisearach; An Ardteistiméireachta Déanfar na duaiseanna a bhronnadh ag an Lá Gaelach Spórt agus Spraoi. Moltóir: Máire Wren, file

06/03/14 @ 8.00 i.n. **Cuisle Seanchais:** Abair Leat Oíche airneáil i Stiúideo Cuisle Ceoil. Beidh aoi speisialta i mbun cainte.

Aoine 7/03/14 **Maidin Chaife** Chun sochar Cumann Duán na hÉireann 11.00 r.n. – 2.00 i.n.

Satharn 8/03/14 **Siúlóid Stairiúil an Chlocháin Bhig** Ag fágáil an Ionad Naomh Pádraig 2.00 i.n.

Satharn 8/03/14 **Paidrín i nGarradh an Dóchais** Ionad Naomh Pádraig, 8.00 i.n.

9/03/2014 **Lá Gaelach Spórt agus Spraoi** 12.00 i.n. – 4.00 i.n. Bácáil Traidisiúnta do Pháistí • ‘The Cube’ • Preab Chaisleáin • Comórtas Scrabble i nGaeilge • Péinteáil Aghaidhe • Comórtas Púil • BBQ

Ionad Naomh Pádraig


cartún — scadán caoch




# Cinneadh faoi thodhchaí Oifig Poist an Bhun Bhig roimh dheireadh na míosa

Tuairisg le **Sara Ní Chuirreáin**




I ndiaidh an chruinnithe poiblí mór san Acadamh ar an 3 Feabhra, cuireadh coiste le chéile le troid le Oifig an Phoist an Bhún Bhig a choinneáil foscailte, seachtar ina iomláine; Máire Ní Chomhaill, Bella Uí Dochartaigh, Breandán Ó Baoill, Harold Ó Dochartaigh, Eugene Ó Gallchóir, Muiris Ó Gallchóir agus mé fhéin.

Bhí an dúshlan againn tuairimí agus imní an phobail a chur chuig bord bainistíochta An Post. Ba mhaith leis an choiste ár mbuíochas a gabhail le bunadh na h-áite. Bhí níos mó na 2800 achainí sínithe agus suas le 180 litir phearsanta scríofa ag pobal Ghaoth Dobhair. Scríobh na gnónna áitiúla litreacha ag tacú leis an achainí, ina measc litir ó Chumann Chathaoir Rotha na hÉirinn agus ó Bhriogáid Dóiteáin Ghaoth Dobhair.

Ar an 12ú, bhí cruinniú ag an choiste in Oifig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ar Shráid Chill Dara le hAenghus Laverty, bainisteoir cumarsáide An Post agus Aidan O’Donnell (de bhunadh Shraith an Urláir), bainisteoir réigiúnach An Post. Fuair an coiste tacaíocht mhór ó pholaiteoirí Dhún na nGall. I láthair ag an chruinniú bhí an tAire Stáit Dinny Mac Fhionnlaoich, Pearse Ó Dochartaigh, Thomas Pringle, Charlie McConalogue agus Joe McHugh. Deas lucht na gcultachta a fhéiceail ag seasamh an fhóid le chéile fá choinne Oifig an Phoist.

Chuir muid ina luí orthu an tábhacht atá le hOifig an Bhun Bhig, go háirithe i ceantar a fuair buille i ndiaidh buille leis an dá bhanc agus trí Oifig an Phoist druidte taobh istigh de thrí bliana; oifig FÁS bogtha go dtí an Clochán Liath. D’inis muid do An Post fosta faoin tseirbhís iontach atá á thabhairt ag an oifig don cheantar agus go bhfuil ag daoine taisteal suas le cúig mhíle go dtí an oifig ó bharr an Toirr. Sílim gurb é an pointe is mó a chuaigh a feidhm orthu no líon na ndaoine i gcathaoir rotha a bhaineann úsáid as oifig an Bhun Bhig . Dúirt muid fosta leis An Post go bhfuil an dá oifig poist de dhith sa cheantar.

Duirt Laverty linn nach raibh cinneadh ar bith déanta agus nach mbeadh go dtí i ndiaidh an 14ú lá nuair a críochaíonn an tréimhse comhairleach. Ansin dhéanfaidh siad ath-bhreithniú ar na litreacha uilig agus na hachainí ó mhuintir Ghaoth Dobhair. Dúirt siad fosta go raibh níos mó ná hairgead le plé agus go mbeidh an cinneadh déanta roimh dheireadh na míosa.

# Tús leis an troid?

## Eagarfhocal

> "Thug pobal na Gaeltachta agus pobal na Gaeilge teachtaireacht láidir dá gcuid féin don rialtas Dé Sathairn. Tháinig daoine chun a' bhaile ón mhórshiúl, ag déanamh go raibh éacht déanta acu, agus bhí. Ach an leor é?"

Bhí na mílte ar na sráideanna i mBaile Átha Cliath ag deireadh na seachtaine seo a chuaigh thart do Lá Mór na Gaeilge agus bhí a mhacasamhail de dhíth go géar.

Le blianta anuas, tá an Ghaeltacht agus an Ghaeilge in áit na leathphingine agus tá muid ag fulaingt dá réir.

Nuair a d'éirigh Seán Ó Cuirreáin as a phost mar Choimisinéir Teangan, bhí sé soiléir nach raibh institiúidí an stáit ag comhlíonadh a gcuid dualgaisí maidir le seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge agus, nuair a rinne an rialtas neamhaird den méid a bhí le rá aige, thug siad teachtaireacht láidir do phobal na Gaeilge.

Ba é tús agus deireadh na teachtaireachta sin ná nach raibh an rialtas sásta éisteacht a thabhairt dúinn. Chuaigh siad níos faide, áfach, nuair nach raibh oiread agus duine amháin as páirtithe an chomhrialtais i láthair ag coiste Oireachtais nuair a mhínigh Seán Ó Cuirreáin cad chuige a raibh sé ag éirí as a phost.

Dúirt sé go raibh an Ghaeilge "imeallaithe" ag an státchóras agus gur "cur i gcéill" a bhí i bpolasaí rialtais i ndiaidh rialtais maidir leis an Ghaeilge.

Bhí an ceart aige.

Thug pobal na Gaeltachta agus pobal na Gaeilge teachtaireacht láidir dá gcuid féin don rialtas Dé Sathairn. Tháinig daoine chun a' bhaile ón mhórshiúl, ag déanamh go raibh éacht déanta acu, agus bhí.

Ach an leor é?

An leor siúl le scaifte, ag ceol agus ag scairtigh amach, ón Ghairdín Cuimhneacháin go dtí An Dáil le héisteacht le ceol agus óráidí?

I ndáiríre, níor athraigh rud ar bith Dé Sathairn. Níor dhúirt an rialtas go raibh siad le athruithe bunúsacha a dhéanamh dá gcuid polasaithe. Níor fógraíodh ach go gcuirfí coiste comhairliúcháin ar bun a mbeadh ionadaithe ó na heagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta mar bhaill de.

Shílfeá go raibh go leor coistí agus eagraíochtaí ag tabhairt comhairle don rialtas cheana féin agus nach raibh coiste eile de dhíobháil.

Beidh mórshiúl eile Dé Domhnaigh i gConamara. Tá scaifte ansin ag bailiú taobh amuigh de oifig an Choimisinéara Teangan agus ag siúl soir go dtí oifigí Roinn na Gaeltachta.

Go bhfios dúinn, níl rud ar bith beartaithe don cheantar seo, le seasamh Sheán Ó Cuirreáin a chomóradh nó le agóid a dhéanamh faoin bhealach inar caitheadh leis.

Ach ardaíonn sé ceist. Tá mé go mór i bhfách le agóid a dhéanamh ar son sheasamh Uí Chuirreáin ach an bhfuil sé ceart díriú ar an Choimisinéir Teangan agus ar sheirbhísí stáit i rith an ama?

Nach bhfuil níos mó dochair déanta ag polasaithe eile an rialtais d'infrastruchtúr sóisialta na Gaeltachta?

Mar shampla, caidé an seans atá ag an Ghaeltacht mairstin má tá fir agus mná óga an cheantair i Melbourne, Perth, Edmonton agus Londain? An dtógfaidh siad páistí le Gaeilge ansin?

Muna bhfuil jabanna ar fáil do na daoine óga sin sa bhaile, rachaidh siad cá bith áit a bhfuil jab ar fáil. Fá láthair tá fadhb mhór againn leis an imirce agus, má leanann an rialtas le polasaithe na déine, is chun donais a rachaidh an pobal seo.

Tá ceist na Gaeilge agus seirbhísí i nGaeilge iontach tábhachtach ach, muna bhfuil pobal beo beithíoch againn le úsáid a bhaint as na seirbhísí sin, beidh deireadh leis an Ghaeltacht.

Más rud é gur cuireadh tús le troid ar son na Gaeltachta i mBaile Átha Cliath Dé Sathairn seo a chuaigh thart, ná bíodh an troid sin cúng. Ná bímis sáinithe i gcoirnéal beag amháin.

Bíodh troid maith fiúntach againn le seasamh suas dár bpobal agus bíodh an Ghaeilge lárnach sa troid sin.

**Fáiltíonn Goitse roimh litreacha ónár léitheoirí. Is féidir litir atá le foilsiú a sheoladh chuig litir@goitse.org.**
**Seol comhfhreagras ar bith eile chuig eolas@goitse.org nó déan teagmháil ag 086 8476862**

# Mórphearsan gnó, spóirt agus polaitíochta Chloich Cheannfhaola ar shlí na fírinne

**Seán Ó Ceallaigh**
1926-2014

Fuair duine de mhórphearsantachtaí Chloich Cheannfhaola, Seán Ó Ceallaigh, bás sa bhaile i mBaile an Easa ar maidin Athair an Dá Lá Dhéag 2014 in aois a sheacht mbliana agus ceithre scór. Bhí aithne ar John ar fud na contae agus ar fud na tíre. Rinne sé freastal ar leith ar phobal Chloich Cheannfhaola ar feadh thrí scór go leith bliain.

Fear gnó a bhí ann. Chuir sé tús le siopa troscáin agus éadaigh ar bharr na malacha ar thaobh Ghort a' Choirce dena Croisbhealaigh. Is iomaí teach in Iar-Thuaisceart Dhún na nGall a ndearna an siopa sin freastal air le linn na mblianta. Bhí fáilte Uí Cheallaigh roimh bhunadh na Gaeltachta nó Gaeilgeoirí dílse ab' iad John agus Caitlín. Bhí lucht na Gaeltachta ar a só sa tsiopa, cé acu buatais nó braillín, cuilt nó cúirtín nó cuta snáth' a bhí siad a chuartú.

Fear polaitíochta a bhí ann. Toghadh ar Chomhairle Chontae Dhún na nGall é sa bhliain 1953 agus d'fhan sé ann go dtí 1980. Bhí sé le Fianna Fáil i dtús báire agus chuaigh sé le Blaney in am na scoilte. Bhí sé ina Chathaoirleach ar an Chomhairle Contae dhá uair – mar bhall de Fhianna Fáil 1970-71 agus mar bhall de Fhianna Fáil Neamhspleách 1979-80.

Fear mór spóirt a bhí i John Kelly. Ní raibh sé ach ina ghlasstócach nuair a toghadh ina Rúnaí ar fhochumann Chloich Cheannfhaola de C.L.G. é sa bhliain 1942. Thug sé seirbhís saoil don chlub ó sin amach. Ní raibh post sa chlub nach raibh aige am amháin nó am eile. Ath-thoghadh é mar Uachtarán ar an fho-chumann i Mí na Nollag 2013. Bhí stór millteanach eolais agus seanchais aige ar stair C.L.G. Chloich Cheann-fhaola – ina chuimhne agus sna 'scrapbooks' a choinnigh sé go cáiréiseach. Chaith sé blianta ar Choiste an Iarthair nuair a bhíodh Gaoth Dobhair agus An Clochán Liath in adharca a chéile agus blianta ag freastal ar chruinnithe Choiste Chontae Dhún na nGall. Is beag cluiche a d'imir Dún na nGall le blianta fada nach raibh sé féin agus Padaí Ó Grádaigh acu. Ach ní ag na cluichí móra amháin a bhíodh



John le feiceáil ach ag na cluichí beaga. Is beag cluiche a himríodh ar Pháirc Naomh Fionán – a ghairdín Párrthais féin – le seachtó bliain nach raibh John i láthair agus spéis ar leith aige i bpeil na n-óg.

Nuair a luaitear Liathróid Láimhe sa chontae seo tig ainm Sheáin Uí Cheallaigh chun cuimhne láithreach bonn. Bhí sé ina Chathaoirleach ar Choiste an Chontae ó 1962 go dtí 1998: ba é a bhí ar chúl thógáil na bpinniúr Liathróid Láimhe i mBaile Chonaill: agus shiúil sé an tír le himreoirí óga Chloich Cheannfhaola – stócaigh agus cailíní – ar feadh na mblianta. B'fhear mionlaigh é.

Chuir sé a chroí agus a bhrí isteach i ngluaiseacht na gCluichí Pobail. Ba é an chéad Chathaoirleach a bhí ar Choiste Contae Dhún na nGall, post a choinnigh sé ó 1972 go dtí 1988. Bhí sé ina Chathaoirleach agus ina Uachtarán ar Choiste Chúige Uladh. Bliain i ndiaidh na bliana thug sé a aghaidh ar Mhaigh Muirí chuig na Cluichí Náisiúnta. Chaith sé a shaol ag cothú buaidheannaí na hóige.

Bhí Seán ina ionadaí ag an Choiste Gairmoideachais ar Bhord Bainistíochta Phobalscoil Chloich Cheannfhaola ón tús agus ina Chathaoirleach éifeachtach, dhícheallach ar an Bhord ar feadh chupla tréimhse.

Bhí a chroí istigh sna cártaí agus sa bhioraiste go speisialta. Ba gháirradóir den scoith é. Bhí sé ar dhuine de cheannródaithe Bhriogáid Dóiteáin an Fhál Charraigh. B'fhear mór pobail é.

Agus b'fhear mór teaghlaigh é. Ghoill bás a iníne, Áine, anuraidh go mór air. Anois goilleann a bhás go mór ar a bhean chéile agus a shíorchompánach dhílis, Caitlín: ar a thriúr mac – Joe, Mánus agus Johnny: ar a sheachtar iníon – Máire, Nóirín, Síle, Majella, Cristín, Caitríona agus Olivia: ar a cheathrar deirfiúr – an tSiúr Katie, Máire, Sorcha agus Bríd: agus ar a ghaolta agus a chairde uilig.

Go ndéanaidh Dia a mhaith ar an fhear chneasta, Chríostaí, Ghaelach, uasal seo.

*—An tAth. Seán Ó Gallchóir*



Rónán Ó Snodaigh á bhualadh amach ag an Chabaret an mhí seo a chuaigh thart.

# Comhdháil i nGaoth Dobhair ar thurasóireacht chultúrtha

Beidh soláthraithe turasóireachta cultúrtha as Éirinn agus Albain ag tarraingt ar Thír Chonaill Mí Feabhra ag deireadh na seachtaine seo chugainn don chéad ócáid mhór de chuid thogra CeangalG, comhdháil fá caide mar is féidir le turasóireacht chultúrtha ár gcumas a scaoileadh.

Is é *Ár Scéal á Scaipeadh – An Ghaeltacht Choiteann* is teideal don chomhdháil a bheidh ar siúl in Óstán na Cúirte i nGaoth Dobhair ar an 26/27 Feabhra.

I lár an aonaigh ag an gcomhdháil beidh seoladh Learning From The Best, taighde a chuireann i láthair deich samplaí d'fhiontair turasóireachta cultúrtha ag rathaíocht trí fheidhm a bhaint as mionteangacha, le húdar *Faobhar Éireannac*h an Dr Fionnbharr Ó Brolcháin.

Beidh roinnt de na hoibritheoirí seo — ag teacht ó fhiontair chomh fada ar shiúl le hAukland sa Nua-Shéalainn agus Meicsiceo — páirteach i ndíospóireacht painéil in éineacht le hionadaithe mór le rá ó eagraíochtaí turasóireachta ar



Alasdair Moireasdan

nós Fáilte Éireann, Visit Scotland agus Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann.

Beidh fócas an-phraiticiúil ag an chomhdháil agus beidh an deis ag toscairí casadh le meantóirí a dhéanfaidh a gcuid taithí agus saineolais a roinnt in iarracht ligean do rannpháirtithe cur lena gcuid éifeachtúlachta.

Beidh an comhlacht tógála, Mobileonix, atá lonnaithe i dTír Chonaill, i láthair freisin chun comhairle a chur ar rannpháirtithe na comhdhála an dóigh le feidhmchláir fón cliste dá gcuid féin a mhúnlú.

"Is aidhm leis an gcomhdháil forbairt cúig táirgí nua a spreagadh faoi mhí na Nollag," dúirt stiúrthóir thogra CeangalG, Alasdair Moireasdan.

"D'fhéadfaí aipeanna a áirithint leis na táirgí seo, atá ag éirí go sciobtha mar an áis is mó racháirt i neart earnlálacha den tionscal turasóireachta. Seo deis d'oibrithe turasóireachta cultúrtha, go mór mór iad siúd a bhíonn ag obair trí mheán na Gaeilge/Gàidhlige, a bheith ina gceannródaithe sa tionscal."

Is togra é Ceangal G a mhaoinítear ag an AE agus a bhfuil an coláiste Gàidhlige triú leibhéil, Sabhal Mòr Ostaig, ina cheann. Is iad na príomhpháirtithe ann Údarás na Gaeltachta agus Cultúrlann McAdam Ó Fiaich Bhéal Feirste.

Le cur i láthair ag an ócáid freisin tá láithreán nua Gréasáin CeangalG, www.ceangalg.net, agus clár dheiseanna traenála agus meantóireachta.

Más spéis leat páirt a ghlacadh sa chomhdháil seo, déan teagmháil le riarthóir CeangalG, Claire Nic Niocaill ag claire@ceangalg.net nó ar an bhfón ag +44 1471 888352.






Na Gaeil ag machnamh go géar ag Tráth na gCeist toigh Hiúdaí le airgead a bhailiú do Lá Mór na Gaeilge



# Cabaret Craiceáilte Idir-Cheilteach

**CUAIRTEOIRÍ CEILTEACHA:** Beidh an sárghrúpa Albanach Dàimh (thuas) i measc aíonna an Chabaret i dTigh Hiúdaí Bhig san oíche amárach.

Beidh ceoltóirí as Albain, Oileán Mhanainn, Gaoth Dobhair agus na Rosa i measc na gceoltóirí a bheas ar an ardán ag an Chabaret Craiceáilte, Tigh Hiúdaí, Dé Sathairn seo.

Ina measc, beidh **Gríogair Labhruidh**, agus an sár ghrúpa ceoil **Dàimh**, as ceantair Loch Abair, in Albain.

Tá aithne mhór ar Ghríogair fán taobh seo tíre, cionn is go dtearn sé dlúthcheirnín le Doimnic Mac Giolla Bhríde, *Ar Ghuaillibh a Chéile*, cúpla bliain ó shin, agus is iomaí gig atá déanta aige féin ag an Chabaret Craiceáilte i nGaoth Dobhair, Baile Átha Cliath, Béal Feirste agus Picnic na hAibhléise.

Gael dílis atá ann, a bhfuil feirm eallaigh aige i mBaile Chúilis, in Albain, agus a dhéanann a dhícheall na hamhráin agus teanga na nGael a chur chun cinn i dtólamh.

Tá Gríogair sa ghrúpa Dàimh anois le tamall anuas, grúpa a bhfuil iomrá mhór leo in Albain le cúig bliana déag. Bíonn siad le feiceáil ar an BBC thall udaí go minic, agus bhí siad ainmnithe do ghradam ceoil traidisiúnta Scots cúpla uair. Tá fuinneamh ar dóigh acu, agus meas fiánta ar bhaill an ghrúpa, Angus Mc Kenzie, Damien Helliwell, Gabe Mc Varish, Ross Martin, agus Gríogair mar cheoltóirí.

Beidh **Ruth Keggin** ag ceol amhráin traidisiúnta agus comhaimseartha, i nGaeilge Oileáin Mhanainn, óna dlúthcheirnín úr *Sheear* (Siar). Beidh na sár cheoltóirí James Lindsay ar an dord dúbailte agus Dave Pearce ar an ghiotár ina cuideachta. Deir Ruth go bhfuil athbheochan teangan ag tarlú ar Oileán Mhanainn, agus go bhfuil lúcháir uirthi féin deis a bheith aici na hamhráin Mhanainnise a chur os comhair an phobail.

Níl fiachadh orainn **Bríd Ní hIcí** a chur in aithne daoibh. Tá sí ar dhuine de na ceoltóirí is cumasaí sa cheantar seo. Tá dúil mhór againn inti, agus ceolann sí amhráin i stíleanna éagsúla, na gormachaí, ceol cine agus tuaithe. Beidh **Michael Danny Minnie**, sár ghiotáraí, agus iar bhall den rac ghrúpa Jury's Out, ag seinm le Bríd.



**GAEL MHANAINN:** Ceolfaidh Ruth Keggin amhráin traidisiúnta agus comhaimseartha i nGaeilge Mhanainn

Beidh grúpa úr as na Rosa ar an ardán, Dé Sathairn seo, **Fíor Uisce**, a bheas ag seinm ceol bríomhar traidisiúnta, agus ag canadh amhráin bhreátha fosta. S'iad **Joe Mhicí Jimmy Mac Grianna** as Rann na Feirste, **John Micheál Ó Domhnaill** as Mín na Leice, **Martin Nolan** as an Phoinnte, agus **Bríd Solan** as an Chlochán Liath, atá sa ghrúpa úr seo, agus tá lúcháir orainn go bhfuil siad sásta a bheith linn ag an Chabaret.

Tá cúis cheiliúrtha ag na Gaeil, an deireadh seachtain seo, i ndiaidh gur éirigh chomh maith sin leis an mhórshiúl Dearg le Fearg i mBaile Átha Cliath, agus beidh cuid acu ag ceiliúradh ag Cabaret Craiceáilte na míosa seo, Tigh Hiúdaí.

Bígí Craiceáilte linn Dé Sathairn seo!

# Uafás na hailse

**Aniar Aduaidh**

le **Brian Mac Rabhartaigh**



Tá mé cinnte go bhfuil cur amach againn uilig ar fhocla fhileata an Phiarsaigh: ‘*Brón ar an mbás, ní féidir a shéanadh, Leagann sé úr is críona le chéile.*’ Creidim go dtiocfadh linn na focail chéanna seo a úsáid sa lá atá inniu ann agus muid ag tagairt do ghalar na hailse agus an méid daoine, idir leanbh ’s liath, a bhfuil, nó a raibh an galar gránna seo orthu. Galar nach bhfuil faoi smacht iomlán go fóill, faraor, agus níl mórán teaghlaigh ins na trí paróistí nach bhfuil scéal pearsanta s’acu féin le hinse acu maidir le tinneas agus galar na hailse seo. Nach iomaí sórt ailse a thig ar dhaoine, idir ailse, cheirbheacs, chíche, phróstataigh, phutóige, scamhóga, scornaí gan ach cúpla seort a lua. Ar ndóighe, bíonn tionchar difriúla ag galar na hailse ar dhaoine éagsúla agus an dóigh a dtéann sé i gcion ortha, ag brath ar a sórt ailse atá i gceist.

Níl trí fhocal níos troime nó leoga níl focla a bhfuil sé de chumhacht acu a gabhail mar chlaíomh fríd croí dhuine, ná; ‘Tá ailse orm.’ Thig leis na focla seo duine a chur as a s(h)easamh, nuair a mhothaíonn siad iad don chéad uair. B’fhéidir go bhfuil, nó fiú go raibh na focla céanna seo — ‘Tá ailse orm’ — ar bharr do ghoib agat féin nó gur doirteadh iad ó chroí dhuine inteacht a bhfuil áithe agat air nó uirthi agus a tháinig slán uaidh, nó ar an droch uair, atá anois ina luí faoi fhóid ghlas na huaighe mar gheall ar an ghalar chéanna seo. Tá a fhios againn ón t-eolas atá curtha ar fáil ag An Bhoird um Clárlann Náisiúnta Ailse, go bhfuil ardú suntasach tagtha ar ghalar na hailse. Léiríonn an taighde atá curtha i gceann a chéile ag an Bhord seo i bhfoirm, Léarscáil Ailse na hÉireann, go dtig galar na hailse ar dhaoine ar chuid mhór bealaigh. Nuair a dhéanann duine spíonadh ar fhigiúirí na tíre ina iomláine, tchí muid go bhfuil daoine fan taobh seo tíre, níos mó i mbaol ó thaobh ailse goile, scamhóige agus phróstataigh de. Caidé go díreach is cúis le seo agus cad chuige a léiríonn an mapáil atá déanta ag a An Bhord um Clárlann Náisiúnta Ailse, go bhfuil a leithid amhlaidh i bpáirteanna áirithe den tír? Sin ceist a bhfuil doimhneacht agus fairsingeacht fiánta inti agus gur doiligh a fhreagairt, go háirithe ag an té nár saineolaí leigheas nó cúrsaí ailse é nó í.

> “Níl trí fhocal níos troime nó leoga níl focla a bhfuil sé de chumhacht acu a gabhail mar chlaíomh fríd croí dhuine, ná: ‘Tá ailse orm”.

Ach bíodh sin mar atá, rud amháin atá cinnte, nó go dtig an ailse ar chuid mhór bealaigh agus cruthanna agus is cosúil nach bhfuil leigheas ar bith furasta nó gasta in ann don ghalar céanna seo. Ábhar eile a chuireann as go mór do dhaoine fá na ceantracha seo, nuair a thiteann scáile na hailse anuas trom orthu féin nó a muintir, go mbíonn orthu taisteal chomh fada le Gaillimh nó Átha Cliath nó fiú trasna na teorann in amantaí, le cóir leighis mar is ceart a fháil. Chan ag caitheamh anuas ar chor ar bith ar na hAonaid bhreátha seo a chuireann scoith comhairle agus cúram leigheas ar fáil do mhuintir na taobh seo tíre ina dtinneas atá mé, ach mó bhrón, nach bhfuil na seirbhísí éifeachtacha agus an chóir leighis chéanna ina iomláine ar fáil inár ndúiche féin anseo, mar atá, in Otharlann Ghinearálta Leitir Ceanainn daofa sin a bhfuil gá acu leis. Tá a fhios againn uilig go mbaineann strus, tinneas agus teannas go leor le hailse, gan feidhm a bheith ag othair taisteal na mílte fada le córacha leighis de chineálacha éagsúla agus le teiripí fóirsteanacha a fháil i bhfad ó bhaile agus óna mbunadh agus a dtinteán féin.

Ag machnamh ar cheist chasta seo na hailse, ritheann sé liom go bhfuil seirbhís eolais ar chúrsaí ailse iontach éifeachtach ar fad ag Cumann Ailse na hÉireann. Bíonn réimse leathan eolais á scaipeadh ag an eagraíocht seo ar chuid mhór bealaigh, ina measc, ar shuíomh ghréasán agus ar chuntas Twitter na heagraíochta, tré bhileogaí eolais agus a leithid. ’S muid i gcroí lár mhí seo na bhfaoillidh, is dearfach ar fad an scéala agus an forbairt é, gur athlonnaíodh Lárionad Lus an Chromchinn de chuid Chumann Ailse na hÉireann go hOtharlann Ghinearálta Leitir Ceanainn arist ar na mallaibh. Bhí an Lárionad seo lonnaithe in Ionad Siopadóireachta an bhaile le corradh is sé mhí anuas, de thairbhe na dtuillte a rinne scrios ar an otharlann féin níos luaithe i mí Mheán an Fhómhair. Ciallaíonn seo anois, go bhfuil lárionad níos buaine, Lus an Chromchinn againn agus go bhfuil a leithéid ar fáil do phobal na taobh seo tíre le cuidiú leo theacht i dtír ar ghalar na hailse.

Is fíor a rá gur síneadh é, an Lárionad Lus an Chromchinn seo, ar sheirbhís fhaisnéis eolais Chumann Ailse na hÉireann. Is í an príomh aidhm atá mar dhúshraith ag an Lárionaid seo, nó réimse leathan eolais a chur ar fáil go háitiúil do dhuine ar bith a bhfuil ailse air/uirthi. Chomh maith le seo, déantar eolas fóirsteanacha a sholáthar fosta, daofa sin a bhfuil buairt no buaireamh orthu fá chúrsaí ailse. Anuas ar seo, tá altra ailse lánaimseartha, chomh maith le baicle oibrithe deonacha lonnaithe sa Lárionad eolais seo agus tá siad ar fáil ar bhonn leanúnach le ceisteanna a fhreagairt, le eolas agus tacaíocht a sholáthar do dhaoine le hailse, agus go hairithe dá dteaghlaigh agus an pobal i gcoitinne. Bíonn Lárionad Lus an Chromchinn, Leitir Ceanainn foscailte ón Luan go hAoine, 9rn - 5in. Is fiú go mór do dhuine ar bith a bhfuil ceist acu, nó an bhfuil eagla nó uaigneas nó éiginnteacht agus a mhacasamhail iontu maidir le cúrsaí ailse, buaileadh isteach ann agus castáil leis an fhoireann chuidiúil agus fáiltiúil atá ag saothrú ann. Thig leat a bheith cinnte de, go mbeidh achan chuidiú ‘s tacaíocht ‘s treoir ar fáil duit ann, saor in aisce, rud a chuideoidh leat aghaidh a thabhairt ar ghalar na hailse tú féin, nó b’fhéidir duine inteacht cóngarach duit, atá sa bhearna bhaoil agus an fód a sheasamh go cróga misniúil, ins an chath ceanna in éadan ghalar na hailse ‘...nach féidir a shéanadh’ má thig sé faoi dhíon an tí agat

ROSG

Go n-éirí go geal le Goitse

Goitse
ar fud na cruinne
Tá Goitse ar fáil ar-líne ag **www.goitse.org**

# DEARG LE FEARG ag Lá Mór na Gaeilge

**Baile Átha Cliath 15 Feabhra 2014**

**Bhailigh cuid againn le chéile go luath maidin Dé Sathairn. D'fhág cuid againn tráthnóna Dé hAoine. Luigh cuid eile againn níos moille inár leaba agus chuaigh suas ar eitleán as an Charraig Fhinn.**

Cá bith bealach a bhí linn, bus, carr nó eitleán, bhí muid uilig ag tarraingt ar an Ghairdín Cuimhneacháin i gCearnóg Parnell i mBaile Átha Cliath do Lá Mór na Gaeilge.

Bhí daoine gnoitheach ar Facebook agus ar Twitter ag scaipeadh an scéil agus bhí Raidió na Gaeltachta ag caint ar "Dearg le Fearg" ó thoisigh siad a chraoladh cláracha nuachta an mhaidin sin. Dá thaibhe sin, bhí muid ar bís ag siúl suas chuig doras Ghailearaí Hugh Lane. Ba é bus Ghaoth Dobhair a landáil i dtús, an bus céanna a d'fhág Rann na Feirste ag 7.30 ar maidin agus lód bratacha, t-léinte, ponchos agus pleacaird ar bord ann. Amach leo agus toisíodh ar na bratacha a chur le chéile agus na t-léinte a rannadh ar na daoine.

Sula raibh muid críochnaithe leis sin, tháinig bus Chloch Cheannfhaola, lán daoine agus bratacha agus éadaigh dhearga. Fán am seo, bhí muid uilig amach as na busanna agus ansin tháinig na drumaí móra amach as bus Feda. Bhí muid réidh.

Bhí a fhios againn, ar ndóigh, go raibh scaifití eile as ceantracha eile ag bailiú le chéile in áiteacha ar fud Chearnóg Parnell ach d'fhan muid san áit ina raibh muid. Nuair a tháinig muintir Chonamara fhad linn ón taobh thiar den Chearnóg, bhog muid i dtreo gheaftaí an Ghairdín agus ba sin an t-am a thuig muid go raibh an mórshiúl seo ag gabháil a bheith mór, níos mó ná an ceann deich mbliana ó shin do "Stádas."

Bhí an spás os comhair gheaftaí an Ghairdín dubh le daoine, nó b'fhéidir gur fearr a rá go raibh sé dearg le daoine, mar bhí chóir a bheith achan duine ag caitheamh rud inteacht dearg. Bhí óg agus aosta ann, fir agus mná. Chonaic mé fear amháin i gcathaoir rotha. Bhí na mílte againn ann. Gaeilge achan áit. Muintir Chonamara ag caint le daoine as Baile Átha Cliath, Conallaigh ag comhrá le muintir Chorcaí. Bhí sé cosúil le bheith ag an Oireachtas amuigh faoin aer! Síos Sráid Uí Chonaill linn, na mílte againn, an t-aer beo le fuaimeanna drumaí móra Ghaoth Dobhair agus "Tír gan Teanga, Tír gan Anam."

Agus nuair a bhain muid Sráid Molesworth amach, thuig muid caidé chomh mór is a bhí an mórshiúl seo, mar líon muid an tsráid. Bhí ceol ar an ardán, ar ndóigh. Kíla, Seo Linn, Na Fíréin. Agus caint. Julian de Spáinn, Sorcha Ní Cheilleachair agus go leor eile. Bualadh bos agus scairteanna arda tacaíochta. Fite fuaite fríd achan rud ar an ardán, bhí Rónán s'againne i mbarr a réime, dorn san aer do na Gaeil, ag spreagadh na slóite.

Go tobann, bhí sé thart.

Chuaigh cuid againn le greim bia a fháil, cuid eile chuig an bhus abhaile agus roinnt mhaith againn chuig an teach tábhairne.

An comhrá is mó a bhí le cluinstin ná caidé an chéad chéim eile?




Tuilleadh grianghraif ó Lá Mór na Gaeilge ar leathanaigh 8-9


Buíon Ceoil An tSagairt Mic Páidín
DEARG LE FEARG!
MÓR MO NÁIRE
MO CHLANN FÉIN
DO DHÍOL A MÁTHAIR
P MAC PIARAIS
1911


CEARTA TEANGA = CEARTA DAONNA




NÁ BRÚ BÉARLA ORM!




DEARG LE FEARG!




"ÓS É AN BÉARLA AN TEANGA NÁISIÚNTA IS É AN PHRÍOMHTHEANGA OIFIGIÚIL É" –
SEIRBHÍS PHOIBLÍ DO PHOBAL NA GAEILGE — MAR A BHÍ ROIMH 1922


Tá Caipitleachas Ag Marú Na Gaeltachta


Cloich Cheann Fhaola
Tír Chonaill


MISE ÉIRE MÓR MO NÁIR!
DEARG LE FEARG


Gaillimh ag siúl!
ANOIS



# An grá in Éirinn



## Colún Nóra Chit

Roimh iomrá ar Naomh Bhailintín, cártaí, rósanna agus seacláidí, bhí leigheas ag na Gaeil don t-é a bhí cloíte ag galar an ghrá. Le mian do chroí a mhealladh, ní mór an deoch seo a réiteach dó nó di:

*Posóid shean-teangais*
*Ó bhainne bó sceadaigh*
*Í blite in aghaidh a tóna*
*É sin a bheith meascaithe*
*Le cos choileach dubh Márta*
(Tá tú fós in am)
*Agus béarfaidh sé Éire go deo dhuit*

Scríobh chugam má bhíonn aon deá-scéal agat.

Ach sa tsean-am ní raibh feidhm le seifteanna slítheánta mar sin thuas. Bhí an modh díreach acu — ag na mná ar aon nós. Nuair a ghlac Gráinne nóisean do Dhiarmaid, rug sí ar a dhá chluas agus chuir sí faoi gheasa é éalú léithe — rud a rinne sé ainneoin a leisce. (Bhí onóir ag fir ag an am).

Ní raibh *Liberation* ar bith de dhíth ar na mná an uair sin. 'S iad dlíthe Sasana a chuir deireadh le saoirse na mBan sa tír seo. (Nach mbeadh a fhios agat). De réir dlíthe na mbreithiún, a bhí í bhfeidhm faoin sean-chóras Gaelach, bhí na cearta céanna maoine ag fir agus mná — le heisceacht amháin: B'ionann caoirigh do mhná agus capaill do fhir. Faoi Shasana d'athraigh an scéal ar fad. Feasta, ar pósadh di, chaill bean seilbh ar bith ar aon mhaoin a thug sí isteach sa phósadh léi. Ní hamháin sin, ach feasta de réir dlí, bhí sí mar chuid de mhaoin an fhir, mar eallach nó talamh, nó airgead. Agus lean sin go dtí lár an chéid seo thart. Faoi na sean-dlíthe fosta, bhí cead colscartha ag bean ó fhear a d' éirigh ramhar, agus i gcás go raibh sí in éad — sé sin go raibh sé mí-dhílis is dóigh — bhí cead aici é a mharú; sé sin le rá, glacadh leis go raibh cúis aici agus ní bhíodh pionós í gceist.



"Nuair a ghlac Gráinne nóisean do Dhiarmaid, rug sí ar a dhá chluas agus chuir sí faoi gheasa é éalú léithe – rud a rinne sé ainneoin a leisce. (Bhí onóir ag fir ag an am!)"

Agus céard faoin bhean i sean-scéal eile a shiúil isteach i dteach fir áirithe gan cuireadh nó cur in aithne de chineál ar bith, agus a thosaigh ar ghlanadh an tinteáin, a luigh leis an oíche sin, agus a shocraigh síos leis gan chaint nó caibidil nó amaidí ar bith — ach go beith gur iarr sí air gan labhairt fúithi

Agus tá an modh praiticiúil ann fosta. Má théann tú ag iarraidh mná nó fhir cuir faoi scrúdú beag í nó é roimh ré mar a deir sé san amhrán — i ndiaidh roinnt plámáis í dtús:

*There's an alehouse nearby agus beidh muid go maidin ann*
*If you're satisfied a ghrá gheal mo chroí*
*Early next morning we'll send for the clergyman*
*Beidh muide ceangailte i nganfhios don tsaol.*

Agus, ar ndóigh, an dóigh is simplí amuigh, má theipeann ar achan ní eile — an cleamhnas. Bhíodh mo chlann iníonacha ag olagón gur imigh seo as faisean; ligint faoi na máithreacha céile cuí a chuartú dá mac nó iníon.

Ach más duine rómánsaí thú cuir chuig amhrán sean nóis a rá mar Dónaill Óg nó Eileanóir na Rúin. Cé a thiocfadh leis gan géilleadh do fhocla mar

*Bhain tú thoir agus bhain tú thiar díom,*
*Bhain tú an ghealach agus bhain tú an ghrian díom,*
*Bhain tú an chroí a bhí í lár mo chléibhe díom.*
*Nach rímhór m'eagla gur bhain tú Dia díom.*




# Súil siar: Banna ceoil Dhobhair

**Sa seanghrianghraf thuas a tógadh go mall sna 1960í nó go luath sna '70í tá Band Dhobhair.**
Chun tosaigh: **Domhnall Mac Grianna, Pádraig Ó Dúgáin, Columba Ó Dúgáin, Pádraig Mac Grianna, Noel Ó Dúgáin, Séamus Mac Aoidh, Seán Ó Fearraigh.**
Ar gcúl: **Timmy Ó Baoill, Doimnic Mac Suibhne, Harry Ó hEarcáin, Hiúdaí Mac Aoidh, Cathal Mac Aoidh, Pól Ó Braonáin, Mícheál Mac Aoidh, Mícheál Ó Maolagáin, Ciarán Ó Braonáin, Hughie Mac Aoidh, Jimmy Mac Aoidh, Pádraig Mac Aoidh, Joe Ó Baoill, James Phádraig Mac Aoidh, Josie Donegan, Roger Mac Aoidh, Máirtín Ó Baoill**

## Balla an Chuain

Siúlann daoine an trá, a gcosa sa tanalacht,
sroicheann balla an chuain, cuireann lámh leis, nó dhá lámh,
dearna, barra na méar, an dorn féin ag tadhall le cloch.
Roinnt eile, déanann gleacaíocht is cleasa lúith de chorp úrghriandaite,
ag baint taca as neart an bhalla, as an righneas díreach, as an uillinn mhaol,
deireadh leis an obair shaoire, deireadh lena gcúrsa, tuile lactóis ag líonadh.

Roinnt eile, líon is mó, siúlann siad fá shlat nó dhó den bhalla, moillíonn,
breathnaíonn ar chlocha garbha an tufa, an bhacainn ina mbealach, tiontaíonn
agus filleann mar a tháinig siad, cosa ag ciceáil chiumhais na mara.

Bíonn duine nó beirt ann a aimsíonn greim fhealltach, a théann costarnocht in airde
áit a bhfuil na hiascairí ag obair, buille dorú acu, casadh roithleáin, seiceáil baoite,
buille eile den dorú, casadh den roithleáin, tarraingt agus tógáil.




Dánta le **Gréagóir Ó Dúill**

## Lámh leis an tSolas

Chuir mé mo dhóchas ins an mhuintir óga
is d'amharc glúin eile daofa, mar a gcéanna,
bricíní gréine, guaillí leathana ar an chlann sin ar ghabhas leo go bródúil,
ach bhí drochscéala de mo chuid féin agam nárbh é seo an tráth lena roinnt.

Ba ar éigean a thug mé aird ar an lánúin nuaphósta,
is an searmanas sin buansíoraí "méadaigí";
ina dhiaidh sin bhí diabhlaíocht bheag inár measc,
gasúr ar bharraíocht siúcra ag súgradh lena ghealais leaisteacha,
balún mór dearg aige a d'éalaigh go hairde séileála,
a bhain le bolgán te solais agus a phléasc é.

Thuig muid, idir óg agus aosta,
Tobainne na críche.



Roinneann Gréagóir Ó Dúill a chuid ama idir Gort an Choirce agus Baile Átha Cliath agus tá breis agus dosaen leabhar curtha amach aige, an fhilíocht don chuid is mó. Foilseoidh Coiscéim an bailiúchán *Balla an Chuain* ina bhfuil na dánta thuas trátha na Féile Pádraig.

# Duais €500 le baint i gcomórtas filíochta an Choirnéil Uí Néill

Tá sé fógraithe ag Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge go bhfuil Comórtas Filíochta an Choirnéil Eoghain Uí Néill ar siúl arís i mbliana don seachtú bliain as a chéile.

Reáchtálfar babhta ceannais an chomórtais i 'Cois Teallaigh', 46 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, Dé hAoine 11 Aibreán 2014. Is comórtas dátheangach ar théama oscailte é seo, áit ar féidir le hiarratasóirí dánta scríofa i nGaeilge na hÉireann nó Gàidhlig na hAlban a sheoladh isteach ach aistriúchán Béarla a chur ar fáil chomh maith.

Bronnfar duais €500 agus Corn Uí Néill ar bhuaiteoir an chomórtais ar an oíche.

Is i gcomhluadar roinnt de na filí is fearr ón ghlúin seo a bheidh buaiteoir an chomórtais lena n-áirítear na hiarbhuaiteoirí: Philip Cummings; Ailbhe Ní Ghearbhuígh; Máire Wren; Proinsias Mac a' Bhaird; Tadhg Ó Dúshláine agus Niall Gordon.

Tá an comórtas seo á reáchtáil in onóir An Choirnéil Eoghain Uí Néill, fear a chaith tamall fada de blianta ag obair le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus bhunaigh sé an malartú cultúrtha seo chun an gaol idir filí Gaeilge na hÉireann agus filí



IARBHUAITEOIR: Maire Wren as Cois Cláidí a bhain Corn Uí Néill in 2011.


Gàidhlig na hAlban a fhorbairt.

Ní ghlacfar le níos mó ná trí iarratas ó gach iarratasóir. Ní mór rialacha an chomórtais a bheith léite go maith roimh ré chomh maith. Ní ghearrfar costas ar iontrálacha.

Is é an 19 Márta 2014 an spriocdháta d'iontrálacha.

Roghnófar gearrliosta d'ochtar, as a mbeidh buaiteoir amháin ainmnithe ag oíche mhór filíochta agus cheoil den scoth san Ardchathair san Aibreán.

Le haghaidh tuilleadh eolais is féidir teagmháil a dhéanamh le Máire Ní Phuirséil ag maire@comhdhail.ie nó glaoch ar 01-6794780.






An ceoltóir Rónán Ó Snodaigh ag glacadh scíste ón Chabaret Craiceáilte le beagán léitheoireachta a dhéanamh

# An slat a chruaíonn le haois, is deacair é a shníomh ina ghad

## An Sailchearnach
*Salix caprea*



Tá thart fá 10% de speicis éagsúla na bplandaí bláthanna dioeceach; sé sin go bhfuil dhá ghné de gach planda ann. Ceann amháin le bláthanna fireanna (táirgtheoirí pailín) agus ar an phlanda eile bíonn na síollainn sna bláthanna baineanna. Meastar go dtáinig an córas seo chun cinn le méid níos mó trasphailniú a chinntiú. Tá a fhios ag gach duine nach mbíonn caortha ar gach Cuileann (*Ilex aquifolium)* agus gur iad na bachlóga baineann is fiúntaí ar *Cannabis sativa.* Tá mórchuid de na crainn saileach ag feidhmiú ar an chóras seo chomh maith.

Ós rud é go mbíonn an sailchearnach faoi bhláth an-luath san Earrach sula mbriseann na duilleoga amach agus sula dtagann mórán dath ar an tírdhreach, tá éagsúlacht na gcrann soiléir. Nuair a thosaíonn na bláthanna a oscailt, bíonn siad liath clúmhach ach tiontaíonn na cinn fhireanna buí agus na cinn bhaineanna glas agus airgead tar éis pailniú. Tairgíonn na bláthanna neachtar agus mealltar na beacha. Ach bíonn na beacha ar obair sula mbriseann na bachlóga mar go mbíonn siad clúdaithe le guma agus úsáideann na beacha an roisín ceangailteach seo leis an choirceog a neartú. Propolis a thugtar air seo, focal ón Ghréigis, pro (do, ar son) agus polis (cathair).

Thig le crann amháin 15 milliún síol a ligeann le gaoth agus tá siúd ábálta píosa fada a thaisteal ar an aer mar go bhfuil ribí beaga de chlúmh ar gach ceann.

Ach mar go bhfuil na síolta féin chomh beag agus gan mórán ábhar chothaigh ar bord acu ní mhaireann siad ach roinnt laetha.

Bhí traidisiún láidir sa tír seo le fada i ndéantúsaíocht ciseáin, cléibh agus a lán soithigh eile le slata saileoga. Na príomhchrainn atá in úsáid mar ábhar slaite na *Salix viminalis, S. purpurea, S. triandra* agus *S. alba.* Le linn an dara cogadh domhanda bhí ciseáin nó bocsaí saileoga in úsáid ag aerfhórsa na Breataine chun bia agus airm a chaitheamh as eitleáin mar nach mbrisfeadh siad.

Tar éis an chogaidh sna ceantair a bhí scriosta le buamaí, ba é an sailchearnach an chéad chrann a tháinig ar ais.

Tá an géineas salix an-chasta ó thaobh luibheolaíochta de mar go bhfuil tuairim is 350 speicis ann agus féidearthacht acu meascú agus cros-síolrú. Mar sin, tá go leor saothóig ann atá coitianta mar phlandaí do ghairdíní. Céad go leith bliain ó shin fuarthas sail bheag reatha ar bharr Mhucais agus tá *Salix x grahamii* nothovar. *moorei* ag fás i ngairdíní ó shin. Is an planda céanna atá i gceist mar gur shíolraigh siad ó ghearrtháin.

Fásann mórchuid de na sail go furast ó ghearrtháin ach is eisceacht í an sailchearnach.

Tá rúsc na saileach torthúil o thaobh tainin de agus bhíodh sé go mór in úsáid i mbun súdaireacht leathair.

Chomh maith leis sin, bhí an choirt in ann dath donn nó rua a chur le éadach.

Agus fuarthas ceann de na drugaí is mó tairbhe araimh ón rúsc fósta; aspairín.

Ach ní sin deireadh lena mhaitheas — bhí sé ráite dá gcuirfeá slat saileoige os cionn an dorais go mbeadh fonn damhsa ar achan duine a thiocfadh isteach; luaith de shail dóite measctha le beagán fínéagar chun réitigh le faithne; agus thig an rúsc a chagnadh mar chógais ar thinneas cinn póite.

Sin ráite, níor chóir dearmad a dhéanamh gur de adhmad saileach a rinneadh an chláirseach a sceith rún Labhraidh Loingsigh.

# Leideanna don gharraíodóir



**Blag na mBuataisí**

le **Bríd Ní hIcí**

Sa phíosa seo beidh mé ag tabhairt cúpla leide daoibh ar na rudaí a ba chóir daoibh a bheith ag smaoineamh air sula dtosaíonn sibh ar an phlandáil.

Níl cuid mhór talaimh de dhith ort fá choinne do chuid glasraí féin a fhás. Tabharfaidh píosa talaimh 20m x 10m go leor spáis duit fá choinne léar glasraí a fhás don teaghlach. Ní bheadh acra amháin talamh ábalta bó a choinneáil ar feadh bliana ach bheadh an t-acra céanna ábalta go leor bia a fhás do suas le fiche teaghlach.

Comhairle amháin do daoine atá ag toiseacht ag garraíodóireacht ná, toiseacht le píosa beag talaimh. Ba mhaith leat é a bheith mar chaitheamh aimsire, nó rud a thabharfas pléisiúr duit ar dtús. Le píosa talaimh thart fá 10m x 10m thig leat do chuid glasraí samhraidh a fhás, glasraí cosúil le duilleoga sailéad, spionáiste, scailliún, biatas, cúirséad agus mar sin.

Fosta, caithfidh tú smaoineamh ar an méid ama a bheas agat don gharraí. Ná glac barraíocht ort féin sa chéad bhliain agus bain sult as. Giota ar ghiota, beidh tú ábalta cuir leis.

Tá dialann iontach sásta agus iontach tábhachtach don gharraíodóir. Bíonn tú ábalta cuntas a choinneáil ar caidé atá ag fás agat, cén uair a chuir tú do chuid plandaí agus cá háit a bhfuil siad ag fás. Ansin nuair a thagann an Fómhar, thig leat amharc siar le feiceáil caide iad na glasraí a d'fhás go maith agus caidé nárbh fhiú a fhás arís.

Botún eile a níonn daoine, nó na síolta a chur ró luath sa bhliain. Cinnte, bíonn laetha galánta grianmhar, te i Márta agus Aibreán, ach na lig dó sin dallamullóg a chur ort. Is iomaí uair a chuir daoine na síolta sna míosa seo chun iad bás a fháil le ghaoth mhór no le siocán. Bíonn treoracha ar na paicéid síolta ach tá aeráid difriúil againne anseo le taobh an chuid eile den tír, gan a bheith ag caint ar thíortha eile agus mar sin caithfimid an séasúr curaíochta a athrú le ceangal isteach leis an aeráid atá againn sa chontae seo.

Tá cúpla éisceacht leis an riail seo agus seo iad na glasraí a thig leat a chur taobh amuigh roimhe Mí Bealtaine:

Pónairí leathana: Deireadh Fómhair/Márta
Gairleog: Márta/Aibreán
Oinniún: Márta/Aibreán
Piseanna: Aibreán
Prátaí: Márta/Aibreán
Seallóid: Márta/Aibreán

Ag caint ar theas, tá plandaí ann nach bhfuil dúil acu san fhuacht agus mar sin b'fhearr iad a fhás taobh istigh i bpolathollán no i dteach gloine; plandaí cosúil le cúcamar, trátaí, piobair, ubhthorthaí agus arbhar milis.

Agus an aimsir fhuar linn go fóill, seo thíos oideas fá choinne aráin a bheadh iontach deas le babhla mór sú!

## Arán Trátaí & Basal

- 500g Plúr éiritheach
- 125g Taos trátaí
- 25g Basal tirim
- 375ml Bainne

Cuir an plúr isteach i mbabhla. Cuir isteach an taos trátaí agus an basal tirim agus measc beagán. Doirt isteach an bainne agus measc an t-iomlán le chéile go maith. Cuir an meascán i stán oighinn.

Bácáil in oigheann ag 170°c ar feadh uaire nó go dtagann biorán amach glan.

Bain sult as!




Cé go bhfuil droch-aimsir amach againn le cúpla mí anuas, bhí an t-Earrach againn ar an fheirm ar Lá Fhéile Bhríde nuair a tháinig beirt mheannáin baineann ar an tsaol. Bhaist mé Feabhra agus Biddy orthu agus tá siad féin agus a máthair Cití ag déanamh go maith.

## Goitse na nÓg


# Fíricí Naomh Pádraig!

1. Fuair Naomh Pádraig bás ar an 17 Márta 461AD
2. Ní Éireannach a bhí ann! As Albain nó An Bhreatain Bheag dó.
3. Sclábhaí a bhí ann — d'éalaigh sé ó Éirinn ach tháinig sé ar ais.
4. D'úsáid sé an tseamróg le scéal na Tríonóide a inse.
5. Chaith Pádraig éadach GORM, chan glas.
6. Is í an Chruit siombail na hÉireann, chan an tseamróg.
7. Tá níos mó Éireannaigh ina gcónaí i Meiriceá ná in Éirinn.
8. Lá mór atá i Lá 'Le Pádraig i Meiriceá.
9. Ní raibh cead ag tithe tábhairne a bheith oscailte ar Lá 'le Pádraig go dtí an bhliain 1970!
10. Níl ach seans de 1/10,000 go dtiocfaidh tú ar sheamair 4 duilleog!


Lá Naofa a bhí i Lá Le Pádraig roimh 1970. Mar sin de, ní raibh cead ag na tithe tábhairne foscailt ar an lá sin. D'athraigh an rialtas stádas an lae go 'Saoire Náisiúnta.' Mar sin de, bhí cead ag daoine deoch a fháil i dtithe leanna ó 1970 ar aghaidh!




# Pusail




Cé acu píosa atá in easnamh ón íomhá ar chlé?



Gan ach 4 líne a tharraingt ceangail na spotaí go léir. Ní thig leat do pheann a ordú ó thús go deireadh!

**Freagraí** Pusail 1: (c); Pusail 2: 

# Buaiteoirí Réalt na nÓg





**Réaltóga:** Emma Ní Ghallachóir (ar clé) a tháinig san dara áit agus Scoil Náisiúnta Dhubhthaigh (thuas) a bhain an chéad áit amach i gcomórtas Réalt na nÓg a reáchtáladh in Áislann Rann na Feirste ar na mallaibh!

# Comharchumann ag lorg ionaid do Scioból na bhFear

Ta rún ag Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair craobh de Scioból na bhFear (Men's Shed) a chuir ar bun sa cheantar. Seo gluaiseacht a thosaigh san Astráil i dtús na mílaoise seo agus a dtáinig fás mhór air sa tír seo, go háirithe ar na blianta deireanacha ó tháinig an géarchéim eacnamaíochta. Bhí cruinniú sa Chrannóg ar an Mháirt an 21 Eanáir chun an suim a mheas, agus beidh forbairt á dhéanamh ar na pleananna sna míonna amach romhainn.

Ag labhairt fan ábhar, dúirt Cathal Ó Gallchóir, bainisteoir an Chomharchumainn, go bhfuil ag éirí go maith leis na sciobóil i gceantracha eile, ceantair Ghaeltachta ar nós Gleann Cholm Cille, Na Dúnaibh agus na Machaire ina measc. "Nuair a thosaigh muidne an Club 50 anseo sa Chrannóg, ceithre bliana ó shin, bhí éileamh mór air agus d'fhás sé go gastabíonn idir 30-40 duine i láthair gach seachtain. Ach bhí sé soiléir ó thus gurb iad na mná aba mhó a bhí ag tarraingt air. Cé go bhfuil roinnt fear ag freastal, agus ag baint suilt mhóir as, bheadh siad ar an mhionlach. Mar sin d'aithin muid go gcaithfidh dhul i dtreo eile leis na fir agus d'fhiosraigh muid na *sheds.*

Ag déanamh cuir síos ar an dóigh a oibríonn na sciobóil, mhínigh Cathal," thig leis oibriú ar dhóigh ar bith, agus is féidir leis na rannpháirtithe díriú ar rud ar bith a bhfuil suim acu ann. Ach sé an bunsmaoineamh atá leis, no gurbh fhearr le fir a bheith ag obair lena gcuid lámha, agus gur maith leo cómhra agus comhluadar fir eile agus iad ag obair ar thograí praiticiúla." Ach ní sin le rá go gcaithfidh siad a bheith i gcónaí ag obair ar thograí: "B'fhéidir amanna nach mbeadh fonn orthu ach theacht le chéile agus cupa tae a bheith acu agus cluiche cardaí a imirt?" arsa Cathal, "agus tá sin go breá!"

Ta súil ag an Chomharchumann go mbeadh ionad oiriúnach aimsithe gan mhoill agus tacaíocht a fháil ó na heagrais chuí. "Tá súil againn, ar a chuid is moille, go mbeadh an Scioból réidh le foscailt i dtús an Fhómhair" a dúirt Cathal.

Ma tá suim ag duine ar bith a bheith páirteach, is féidir fáil i dteagmháil le Cathal ag 074-9532208, nó buaileadh isteach sa Chrannóg i Sraith na Corcra.


OÉ Gaillimh
NUI Galway

## Dioplóma i Scileanna Teilifíse agus Ilmheán



**Ar mhaith leat oibriú i dtionscal na teilifíse nó na n-ilmheán?**

- Scileanna ceamara, fuaime agus eagarthóireachta
- Trealamh nua-aimseartha den scoth
- Suíomh idirlín a dhearadh agus a chur ar líne
- Na Meáin Shóisialta: Facebook, Twitter agus YouTube
- Táillí íoctha
- Deiseanna fostaíochta in earnáil le teilifíse (TG4, RTÉ, Ros na Rún, Telegael srl)

Tuilleadh eolais:
(074) 9531919
gaothdobhair@eircom.net
www.acadamh.ie
www.facebook.com/acadamhghaothdobhair


## Fógraí Pobail

**DON ÓIGE:**

- **Féile Dheireadh Seachtaine na Gaeilge** á eagrú ag Club Óige Rann na Feirste ón 6-9 Márta in Áislann Rann na Feirste. Clár le fógairt go luath. Eolas ó Chlub Óige Rann na Feirste, 086 4528475
- **Comórtas Abair Amach** ar an 8 Márta in Áislann Rann na Feirste. Do naíonraí, naíonáin, bunranganna 1&2, 3&4, 5&6, agus meánranganna ón 1bhliain go hidirbhliain. Iarratais roimh 20 Feabhra. Eolas ó Club Óige Rann na Feirste, 086 4528475
- **Comórtas ealaíon** do Scoileana Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir á eagrú ag Deireadh Seachtaine na Gaeilge i mí Márta. An téama: Mo cheantar féin. Ní thig le focail Bhéarla a bheith ar an phictiúir. Ní thig leis a bheith níos mó ná A3. Iarratasí istigh roimh an 20 Feabhra. Eolas ó Chlub Óige Rann na Feirste, 086 4528475
- **Club Óige Mór Dhobhair** in Ionad Naomh Pádraig achan Aoine 6-8 i.n. (Tá an club beag lán faoi láthair.) Eolas: www.ionadnp.ie; 074 95 32949

**SIAMSAÍOCHT:**

- **Ceolchoirm le Clann Mhic Ruairí** as Rann na Feirste, ag seinm sa tSean Bheairic, An Fhál Carrach, anocht (Dé hAoine 21 Feabhra). Tuilleadh eolais: www.antseanbheairic.com nó scairt ar 074 9180655

**RANGANNA:**

- **Ranganna Damhsa dhá-lámh** ar siúl gach oíche Luan, 8in-10in. Bíonn scaifte maith ag na ranganna agus bíonn spórt ar dóigh ann. Fáilte roimh baill úra. Tá na ranganna foirstineach do gach leibhéal. €5 an rang. Eolas: www.antseanbheairic.com nó scairt ar 0749180655.
- **Ranganna ealaíona** ar siúl gach Déardaoin, 7in-10in, leis an ealaíontóir Joe Mc Clafferty, ag teagasc ola, uiscedhath, aicrílleach agus tarraingt. Costas €10 an rang. Eolas: www.antseanbheairic.com nó scairt ar 0749180655.
- **Ranganna Ciorcáid** maidin Luan agus Déardaoin 7-8am. Corp-acmhainn fá choinne achan leibhéal. €5. Bíodh mata agus uisce leat. Tuilleadh eolais ar fáil ag www.antseanbheairic.com nó cuir scairt ar 074 9180655.
- **Ranganna 'Spin Bikes'** in Ionad Naomh Pádraig le Jordanna & Leona, tráthnóna Dé Céadaoin @ 8 i.n. agus maidin Dé hAoine @ 9 r.n.
- **Cúrsaí Oiliúna** Safepass, Rang ECDL agus Cúrsa ar Scileanna Agallamh & CV á chur le chéile do dhaoine dífhostaithe. Ag toiseacht in Ionad Naomh Pádraig, Dobhar, gan mhoill. Cuir scairt ar an Ionad le clarú. www.ionadnp.ie; 074 95 32949
- **Ranganna Ríomhairí do Thosaitheoirí:** Tá muid ag glacadh ainmneacha anois don chéad chúrsa eile anseo san ionad. Má tá suim ag duine ar bith, cur scairt ar 074-9180571. Tá na ranganna seo saor in aisce.
- **Ranganna Neamhfhoirmiúla Comhrá Gaeilge:** Is ciorcal comhrá a bheas i gceist anseo, deis dó dhaoine a gcuid Gaeilge a chleachtadh.

**Deireadh Seachtaine na Gaeilge in Áislann Rann na Feirste**

Dé hAoine 7 Márta

| | |
|---|---|
| 7.50pm | Bronnadh Duaiseanna Ealaíon na mBunscoileanna. |
| 8.00pm | Seoladh suíomh idirlín úr na hÁislainne. |
| 8.30pm | Comórtas Abair Leat, scéalaíochta agus dánta do dhaoine fásta agus Oíche Airneáil |

Dé Sathairn 8 Márta

| | |
|---|---|
| 11.00am | Comórtas Abair Amach, comórtas dánta na hóige. |
| 9.00in | Ceolchoirm le Clann mhic Ruairí.. Dánta, amhráin, ceol agus sólaistí. |

Dé Domhnaigh 9ú Márta

| | |
|---|---|
| 11.00am | Aifreann na Féile |

Tuilleadh eolais ó Choiste Chlub Óige Rann na Feirste 0864528475

**Seachtaine na Gaeilge 1-12 Márta Pobal Eascarrach**
*Ionad Acmhainní, Pobal Eascarrach, Béal an Átha, An Fhál Charrach. 074 9180571*

Comórtas Ealaíne dó pháistí: aois Ghrúpaí, 4-8 , 9-13, 14-18. Téama, "An Ghaeltacht & An Ghaeilge." 10/03/14, Lá Spórt & Spraoi dó pháistí, 2 i.n. – 5 i.n. 1/03/2014 - 12/03/2014, Comórtas Grianghraif. Téama ,"An Ghaeltacht & An Ghaeilge".
07/03/14 , Maidin Chaife 11r.n.-1.r.n. Fáilte roimh gach duine.



Bíonn Micí Whiting Mac Aoidh ina aoi ar an chlár Rónán Beo@3 ar Raidió na Gaeltachta gach Mháirt. Tá *Goitse* buíoch do Mhicí, do Rónán agus do fhoireann Raidió na Gaeltachta as cead na focla seo a chur i gcló.

# Focla Mhicí

**Tuireach:** am don bhliain nach mbeadh mórán le ithe ag daoine. Bheadh daoine ag fanacht le prátaí úra.

**Tuireadh:** tá tuireadh ann — tréimhse tirim idir dhá chith fearthainne.

**Codach** — bhfuil do chuid déanta agat … dtearn tú do chodach … bia atá i gceist.

**Duine** a bheadh iontach 'dumhlaigh': duine nach raibh iontach cairdiúil … dobhránta?

**Creathán** — chan fhuair siad ach creathán beag scadáin — a scattering … chan mórán … dheamhain mórán a fuair siad … (dheamhain é: 'bhfuair tú a dhath aréir? … dheamhán é … chan fhuair).

**Niogóideach** — iontach confach

**Spochán** — síos brollach na circe, lán amach síos faoi muineál na circe … cosúil le mála … iontach coitianta … spochán, m. (gs. & npl. -áin, gpl. ~). 1. Crop (of fowl). 2. *Craw, stomach.* Líon sé a ~, *he filled his gut, ate his fill.*

**Clisearnaigh** — páiste a bheadh preab ina lámha nó ina chosa, ina chodladh … tá an tachrán ag clisearnaigh ina chodladh. Tá an tachrán sin ag clisearnaigh … clismearnach, f. (gs. -aí). *(Act of) starting; sudden jump.* ~ a bhaint as duine, *to startle s.o.* Bhí sé ag ~ ina chodladh, *he was starting in his sleep.*

**cluinc/cloinc** — da mbeadh lá na gaoithe móire ann bheadh an doras ag cluincearnaigh … *Bang*áil.

**fuadach** — sean ráiteas … ní a ghoid ná a fhuadach a rinne sí … chan fhuair sí isteach ina lámha é … tháinig sé fríd a mhuintearas … bhí an mháthair í féin iontach dóighiúil … nó b'fhéidir go raibh an t-athair agus an mháthair iontach dóighiúil?

**Stoire/staire/stairre** — duine a bheadh ag dréim le beag nó ábhar magaidh a dhéanamh de dhuine ar chúl a chinn … nó ag déanamh aghaidheannaí nó a leithéid ar chúl a chin. Tá sé iontach tugtha de fáil stairre ar dhaoine … cosúil le míostáir … duine gan mhúineadh … duine iontach magúil a shíleann cuid mhór de féin … ag déanamh ábhar magaidh de dhaoine eile.

**Sréanfach/sraonfach** (chan srannfach) … sin an rópa atá … béalfath (bit) í mbéal an bheithigh … rópa a théann isteach í súil an bhéalfaith … na marcaigh ar na beithígh, greim acu ar rópa ar dhroim an bheithigh … greim acu ar an tsréanfach

**Airc** — da bhfeicfeá bád ag dul chun na farraige. Caithfidh sé go bhfuil airc sa teach sin , nuair atá siad ag gabháil chun na farraige lá mar seo.…

**Lúth** — lúth na gcnámh leis … lúth na teamhtha (teanga ) leis … cumhacht ina theangaidh … *delivery* maith aige.

**Giortach** – Bheadh na máithreacha ag tabhairt amach do na girseachaí go raibh na sciortaí iontach giortach … *skimpy*.…

**Groí** — is beag an rud nach gcuireann groí ar theach (is beag an rud nach gcuirfeadh cuma dheas ar theach), groíúil.

**Sceoite** — Tá gruaig sceoite air — gruaig cineál tirim … comhartha droch shláinte a bhí ann.…

**Ceannascach** — Duine neamh choitiúil … duine nach bhfuil faitíos ar bith ann.… Níl cotadh ar bith ann — níl sé faiteach … tá sé ró dhána.…

**Morsach** — dá mbeadh geansaí atá ró mhór agat, déarfá, go bhfuil sí iontach morsach … i bhfad ró fhairsing … i bhfad ró mhór agat … nach mbeadh cuma ná déanamh ar an gheansaí …

**Prabhais** — rinne sé prabhais iontach dó … d'fhág sé prabhais iontach ina dhiaidh … ní raibh sé iontach slachtmhar … d'fhág sé *mess* iontach ina dhiaidh …

**Sultar** — duine nach bhfuil tanaí ina aghaidh … rud beag ramhar san aghaidh … tá aghaidh sultar air ( sultmhar?)



Breandán agus Risteard Ó hEaghra ón grúpa Rís ag baint suilt as an cheol ag Cabaret Craiceáilte mhí Eanáir.




# Cuma na maitheasa ar pheileadóirí Dhún na nGall

Níl sé ach luath go fóill sa sraith náisiúnta roinn a dó ach tá cuma an maithis ar fhoireann Dhún na nGall. Tá lán pointí acu as an dá chluiche atá imrithe acu, cluichí a bhí ar shiúil as baile. Ní amháin gur bhain siad na cluichí sin ach bhain siad go maith iad. Tá painéal láidir acu anois agus doimhneacht ann.

Tá imreoir Ghaoth Dobhair, Odhrán Mac Niallais, i mbéal an phobail. Tá a áit aige sa líne leath tosaigh agus scóranna á bhfail aige. Cúl agus cúilín a fuair sé in éadan Chontae Laoise.

Is cosúil go bhfuil Neil Mac Aodh ar bharr aclaíochta arís tar éis cúpla mion-ghortaithe agus é ag imirt go maith sa líne lán cúil. Chomh maith le sin, tá gach duine sa chontae sásta Karl De Lacy a fheiceáil ar an fhoireann arís. Tugadh áit dó ar fhoireann na seachtaine tar éis an taispeántais a thug sé in éadan na Gaillimhe.

Beidh a fhios againn cé chomh maith is atá na Conallaigh tar éis an tríú cluiche sraithe in éadan Muineacháin.

Tá a fhios ag an domhain mhór cad a tharla i gCluain Eois mí Iúil seo chuaigh thart.

Beidh slua mhór ag tarraingt ar Leitir Ceanainn. An bhfuil do thicéad curtha in áirithe agat?

Dála an scéil, bhí bua maith ag na hiománaithe sa chéad chluiche sraithe in éadan Fear Manach. Maith iad!

*Roinn 2 - Peil*
Laois 1.9 v Dún an nGall 2.19
Gaillimh 0.12 v Dún na nGall 1.16

*Roinn 3a - Iomáint*
Dún na nGall 2.19 v Fear Manach 1.13

## Cluiche ceannais bainte amach ag iománaithe Ghaoth Dobhair



Tá foireann Ghaoth Dobhair ag glacadh páirt i gcomórtas iománaíocht faoi dhíon an Iar-Thuaiscirt faoi láthair.

Foirne as Dún na nGall, Doire agus Tír Eoghain atá páirteach ann. Tá cluiche ceannais acu an Domhnach beag seo, 23 Feabhra.

Tá sé chluiche imrithe acu go dtí seo agus níor chaill siad aon cheann go fóill. Beidh siad ag imirt in éadan Na Magha (Doire), Cúl Rathain (Doire) agus An Sraith Bán (Tír Eoghain) i nDoire Dé Domhnaigh.

Cluiche iontach é seo atá gasta agus go leor scileanna i gceist. Tá pointe le fáil má dhéanann imreoir 'greim glan' ar an sliotar agus tá 2 phointe le fáil má bhuaileann siad an cúlchlár mar a bhíonn i gcluiche cispheile.

Is é seo an dara bliain as a chéile a bhain foireann Ghaoth Dobhair an cluiche ceannais amach. Beidh brú orthu anois an comórtas seo a bhaint don dara bliain. Beidh tuairisc ó na chluichí seo sa chéad eagrán eile.



Sergei Alcorn

## Sergei na hiomána

Mar a dúirt Micheál Ó Muircheartaigh fadó: Sergei Alcorn. As an Rúis a mháthair, as Dún na nGall a athair, níl ceachtair acu láidir san iomáint!

Bhí Sergei Alcorn ag Blitz iománaíochta faoi dhíon a bhí ar siúl i nGaoth Dobhair le gairid. Tá sé ag iomáint le Gaeil Leitir Ceanainn le tamaill anuas agus ag éirí go maith leis. Tá an radharc seo ag éirí níos coitinne ar fud na tire anois. Tá cuid mhór de na 'Gaeil Úra' ag imirt cluichí C.L.G. agus ní fada uainn anois go mbeidh duine de phór na Polainne nó na hAfraice ag tógáil Sam nó Liam!


Ar ndóigh, tá Corn Mhic Carthaigh tógtha cheanna féin ag Seán Óg Ó hAilpín, fear de bhunadh Fidsí agus ní amháin sin ach thug sé a óráid i nGaeilge!

An rud is annamh is iontaí.

## Réalt Óg an Chontae

**Próifíl imreora:**

# Odhrán Mac Niallais



**Aois:** 21

**Stadas Caidrimh:**
Glactha ☑ Singil & Sásta ☐ Ag cuartú ☐

**Leasainm?** Níl ceann agam.

**An béile is fearr leat:**
Pasta Carbonara mo mháthair

**Cén deoch is fearr leat?** Irn Bru

**Caitheamh aimsire taobh amuigh den pheil:** Sacar agus Gailf

**Cén foireann sacar a leanann tú?**
Liverpool

**Dá mbeifeá ábalta ceathrar a phiocadh le tabhairt leat go dtí na Bahamas, cé a bheadh leat?**
Keith Lemon, Danny Dyer, Will Ferrell agus Peter Kay. Bheadh craic leis na lads sin!

**Cén laoch a bhfuil meas agat orthu?**
Zinedine Zidane

**Cén seanfhocal is fearr leat?**
Níl aon tintean mar do tintean féin

**An scannán is fearr a chonaic tú?**
The Town

**An leabhar is fearr a léigh tú?**
Leabhar Pháidí Ó Sé

**An t-aisteoir is fearr leat?**
Will Ferrell nó Ben Affleck

**Rún don bhliain seo?**
Bliain mhaith a bheith agam leis an pheil agus coinneáil orm ag bualadh Tommy Diver sa ghalf

**Cé mhéad lá traenála sa tseachtain?**
3 agus cúpla lá sa gym

**An 3 imreoir CLG is fearr leat:**
Ciaran MacDonald, Colm Cooper agus Owen Mulligan

**An t-imreoir is fearr a d'imir tú ina choinne?**
Karl Lacey

**Cé is mó a raibh tionchar acu ort mar imreoir?**
M'athair agus Tom Beag Mac Giolla Easpaig

**Cén chomhairle atá agat d'imreoirí óga?**
Bí ag cleachtadh chomh minic agus a thig leat, agus glac comhairle ó do chuid bainisteoirí

**Cén t-imreoir is fearr ar phainéal an Chontae?**
Michael Muprhy

**Cén t-imreoir is gaiste ar phainéal an Chontae?**
Neil McGee

**Cén t-imreoir is fálsa ar phainéal an Chontae?**
Níl duine ar bith fálsa

**Cén t-imreoir is mó a bhíonn ag gearán ar phainéal an Chontae?** Neil McGee gan dabht!

**Buaicphointe imeartha go dtí seo?** Ag imirt do Dhún na nGall